An Roinn Oideachais
Department of Education

**Nóta Faisnéise TC0002/2022**

**Chuig: Údaráis Bhainistíochta Bunscoileanna, Meánscoileanna, Pobalscoileanna agus Scoileanna Cuimsitheacha Aitheanta agus Príomhfheidhmeannaigh na mBord Oideachais agus Oiliúna**

# COVID-19:
# Athruithe ar Shaoire Speisialta le Pá ón 7 Feabhra 2022 le haghaidh Múinteoirí agus Cúntóirí Riachtanas Speisialta atá fostaithe i mBunscoileanna agus Iarbhunscoileanna aitheanta

## 1. Réamhrá

1.1 Leis an Nóta Faisnéise seo cuirtear fostóirí ar an eolas faoi athruithe ar Shaoire Speisialta le Pá COVID-19 don tseirbhís phoiblí, de réir mar a ordaíonn an Roinn Caiteachais agus Athchóirithe Poiblí (DPER).

1.2 Rinneadh na hathruithe seo chun na hathruithe a rinneadh le déanaí ar riachtanais na tréimhse féinaonraithe a chur san áireamh de réir na comhairle sláinte poiblí reatha.

1.3 Coinníonn DPER na rialacha a rialaíonn Saoire Speisialta le Pá COVID-19 faoi athbhreithniú agus d'fhéadfaí athrú teacht orthu arís ar ghearrfhógra.

1.4 Baineann na hathruithe sa Nóta Faisnéise seo le múinteoirí agus cúntóirí riachtanas speisialta (fostaithe) i scoileanna aitheanta, a thosaíonn ar Shaoire Speisialta COVID-19 le Pá ón 7 Feabhra 2022 ar aghaidh.

1.5 Tabhair faoi deara gur chóir an Nóta Faisnéise seo a léamh i dteannta le Ciorclán 0042/2021 agus Nóta Faisnéise 0001/2022 maidir le socruithe oibre agus saoire d'fhostaithe le linn phaindéim COVID-19.

1.6 Caithfidh gach fostóir na hathruithe ar Shaoire Speisialta COVID-19 le Pá a chur i bhfeidhm láithreach agus ní mór do gach fostaí cloí leis na hathruithe seo.

1.7 Tá sé beartaithe ag an Roinn Ciorclán nuashonraithe COVID-19 a fhoilsiú go luath, chun na hathruithe le déanaí ar shocruithe oibre agus saoire d'fhostaithe a léiriú.

## 2. Saoire Speisialta COVID-19 le Pá

2.1 De réir mhír 2.4 de Alt 33.Nóta Faisnéise 0001/2022, Bíonn feidhm ag Saoire Speisialta le Pá nuair a bhíonn an méid seo a leanas i gceist le fostaí:

- léiríonn Siomptóim COVID-19
- toradh dearfach tástála PCR COVID-19 faighte
- toradh dearfach tástála antaigin COVID-19 (nuair is inghlactha, bunaithe ar an gcomhairle is déanaí ón FSS)

2.2 Tá comhairle reatha FSS maidir le féinaonrú ar fáil ag: https://www2.hse.ie/conditions/covid19/testing/positive-result/. Is í comhairle FSS nach mór do dhuine é féin a aonrú ar feadh tréimhse 7 lá ar a laghad suas go dtí 10 lá ar a mhéad.

## 3. Athruithe ar Shaoire Speisialta COVID-19 le Pá ón 7 Feabhra 2022

3.1 Nuair a thagann siomptóim COVID-19 ar fhostaí den chéad uair nó má bhíonn tástáil dhearfach do COVID-19 ar aon dáta ón 7 Feabhra ar aghaidh, beidh teorainn 10 lá as a chéile ar a mhéad ar Shaoire Speisialta le Pá, in aon chás ar leith le cur i bhfeidhm.

3.2 Nuair a bhíonn an fostaí neamhábalta de réir leighis filleadh ar obair tar éis na tréimhse 10 lá, beidh feidhm ag téarmaí agus coinníollacha na Scéime Saoire Breoiteachta.

3.3 Chun freastal ar an athrú seo ar chóras Párolla na Roinne, tá cód saoire nua ar fáil anois do scoileanna ar an gCóras Éilimh Ar Líne (OLCS) chun an tSaoire Speisialta le Pá seo de chuid COVID-19 a chur ar an taifead. Caithfidh an fostóir an tsaoire a chur ar an taifead ar an OLCS faoi ‘Saoire Phearsanta’, fochatagóir dar teideal ‘COVID-19: Saoire Speisialta COVID-19 le Pá Ní mór do scoileanna BOO an tsaoire seo a chur ar an taifead ar a gcóras BOO ábhartha.

3.4 Caithfidh an Fhoirm Iarratais do Shaoire Speisialta COVID-19 le Pá ag Aguisín A den Nóta Faisnéise seo a úsáid le haghaidh fostaithe ar tháinig COVID-19 orthu ó 7 Feabhra 2022 ar aghaidh.

3.5 Tá samplaí de chásanna curtha ar fáil ag Aguisín B den Nóta Faisnéise seo.

## 4. Saoire Speisialta COVID-19 le Pá go dtí 7 Feabhra 2022

4.1 I gcás fostaí a chuir tús le Saoire Speisialta COVID-19 le Pá roimh an 7 Feabhra, tá an teorainn de 28 lá ar a mhéad fós i bhfeidhm, de réir alt 2.4 de Ciorclán 0042/2021. Tá síneadh breise ar fáil, áit a bhfuil feidhm ag na sainchritéir mar atá sonraithe in alt 2.5 de Ciorclán 0042/2021

4.2 I gcás scoileanna nach scoileanna BOO iad, ba chóir go leanfadh an fostóir den tSaoire Speisialta COVID-19 le Pá a thosaigh roimh an 7 Feabhra a chur ar an taifead faoi ‘Saoire Phearsanta’, fochatagóir dar teideal ‘COVID-19: Diagnóis’. Ní mór do scoileanna BOO an tsaoire seo a chur ar an taifead ar a gcóras BOO ábhartha.

4.3 Ón 7 Feabhra, ní féidir aon iarratais fhaofa nua COVID-19 ar Shaoire le Pá a chur ar an taifead faoi COVID-19: Féinaonrú’ nó ‘COVID-19: Diagnóis,’ mar beidh feidhm ag alt 3 thuas.

4.4 Tá samplaí de chásanna curtha ar fáil ag Aguisín B den Nóta Faisnéise seo.

## 5. Gluaiseacht Shrianta (COVID-19:Gluaiseacht Shrianta)

5.1 I gcásanna teoranta ina mbíonn ar fhostaithe atá ina ndlúththeagmhálaithe srian a chur ar a ngluaiseachtaí, beidh feidhm ag alt 3 den Nóta Faisnéise 0001/2022

## 6. Nóta Faisnéise a Scaipeadh

6.1 Cinntigh le do thoil go scaiptear an Nóta Faisnéise seo ar gach ball den Bhord Bainistíochta / Oideachais agus Oiliúna agus go gcuirtear gach ábhar agus múinteoir agus CRS atá fostaithe agat ar an eolas, lena n-áirítear iad siúd atá ar chead neamhláithreachta.

6.2 Is féidir teacht ar an Nóta Faisnéise seo ar shuíomh Gréasáin na Roinne ag gov.ie.

**Clare Butler** **Sinéad Keenaghan**
**Príomhoifigeach** **Príomhoifigeach**
**Rannóg Téarmaí agus Coinníollacha Múinteoirí/ CRSanna** **An Roinn Párolla**
**3 Feabhra, 2022**

## Aguisín A

### Aguisín A – Iarratas ar Shaoire Speisialta COVID-19 le Pá ón 7 Feabhra 2022 ar aghaidh ag léiriú Siomptóim COVID-19 nó le diagnóis COVID-19

**Ba chóir don fhostaí an Fhoirm Iarratais a chomhlánú go hiomlán agus a chur faoi bhráid an fhostóra chomh luath agus is féidir. Caithfidh faisnéis tacaíochta a bheith leis an bhFoirm Iarratais chomhlánaithe, i.e. toradh tástála antaigin deimhneach nó PCR, mar is cuí lena n-áirítear an dáta oiriúnachta chun filleadh ar an obair (nuair a bhíonn an dáta seo ar fáil).**

**Cuid a hAon - Sonraí Fostaí**

Ainm an Fhostaí: ________________________________ Uimhir Theagmhála: __________________

Seoladh Baile: ________________________________________________________________

Seoladh Ríomhphoist: ________________________________________________________________

UPSP: ________________________________________________________________________

Ainm Scoile: ____________________________________Uimhir Rolla: _____________________

**Cuid a Dó – Sonraí na Saoire Speisialta le Pá**

Is mian liom cur isteach ar Shaoire Speisialta le Pá, ar an gcúis a sonraítear thíos (cuir tic sa bhosca cuí).

Cúis:

- Táim ag léiriú siomptóim COVID-19 ☐
- Tá toradh dearfach tástála PCR COVID-19 antaigin faighte agam ☐
- Tá toradh dearfach tástála PCR COVID-19 faighte agam ☐

Dáta Tosaigh (LL/MM/BBBB): _______ Dáta Deiridh Measta (LL/MM/BBBB): ___________

**Dearbhú**
Is mian liom iarratas a dhéanamh ar Shaoire Speisialta le Pá de réir théarmaí agus choinníollacha Nóta Faisnéise TC 0002/2022 dar teideal 'COVID-19: *Athruithe ar Shaoire*

*Speisialta le Pá ón 7 Feabhra 2022 do Mhúinteoirí agus Cúntóirí Riachtanas Speisialta atá fostaithe i mBunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna aitheanta'.*

Tá fianaise thacaíochta ag gabháil leis an bhFoirm Iarratais chomhlánaithe.

Deimhním go bhfuil an t-eolas atá curtha ar fáil san Fhoirm Iarratais fíor agus cruinn.

Síniú an Fhostaí: __________________________________ Dáta: _________________

**Cuid a Trí - Sonraí Fostóra**

(A) COVID-19: Saoire Speisialta COVID-19 le Pá
Tá fostaí ag léiriú siomptóim COVID-19 ☐

(B) COVID-19: Saoire Speisialta COVID-19 le Pá
Fianaise ar thoradh tástála PCR deimhneach COVID-19 (lena n-áirítear dáta na tástála) curtha ar fáil (Tá gabháil scáileáin teachtaireachta téacs FSS inghlactha) ☐

(C) COVID-19: Saoire Speisialta COVID-19 le Pá
Fostaí 39 bliain d'aois nó níos óige - Cuireadh fianaise ar thoradh tástála antaiginí deimhneach COVID-19 (lena n-áirítear dáta tástála) ar fáil (Tá deimhniú FSS ar thaifead an fhostaí ar thairseach FSS inghlactha)
☐

(D) COVID-19: Saoire Speisialta COVID-19 le Pá
Fostaí 40 bliain d'aois nó níos óige - Cuireadh fianaise ar thoradh tástála antaiginí deimhneach COVID-19 (lena n-áirítear dáta tástála) ar fáil
☐

Taifeadta ar OLCS/córas ábhartha BOO faoi 'COVID-19: Saoire Speisialta COVID-19 le Pá ☐

Síniú: _________________________ Dáta: _______________________
(Fostóir)

***NÍ ceart Foirm Iarratais/Cáipéisíocht Tacaíochta a chur isteach chuig an Roinn Oideachais. Ba chóir iad a choinneáil sa scoil/BOO mar aon le haon cháipéisíocht ábhartha eile chun críocha taifid agus iniúchta leis na taifid phearsanra ábhartha.***

**Ráitéas Príobháideachais maidir le Cosaint Sonraí**

Is é an príomhchuspóir a iarrann an Roinn na sonraí pearsanta seo a chur ar fáil do d'fhostóir chun do Shaoire Speisialta le Pá a phróiseáil. Coimeádfaidh d'fhostóir d'Fhoirm Iarratais agus na doiciméid a ghabhann léi de réir a bpolasaí um Chosaint Sonraí. Tá tuilleadh eolais maidir leis an bpolasaí seo ar fáil ach é a iarraidh ó d'fhostóir.

Is féidir an Fógra Príobháideachais ina dtugtar achoimre ar fhaisnéis bhreise maidir leis an bhFoirm Iarratais seo a fháil ar gov.ie.  Tá sonraí iomlána ar pholasaí um Chosaint Sonraí na Roinne ina leagtar amach an dóigh a n-úsáidfimid do shonraí pearsanta chomh maith le faisnéis maidir le do chearta mar ábhar sonraí ar fáil ar gov.ie Tá sonraí an pholasaí seo ar fáil freisin i gcóip chrua ó Rannóg Téarmaí & Coinníollacha Múinteoirí/CRS, An Roinn Oideachais, Corr na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí, N37 X659, ach iad a iarraidh.

## Aguisín B

### Saoire Speisialta le Pá – Samplaí de Chásanna (ó 7 Feabhra 2022)

- **Cás 1:**
  Ar 7 Feabhra 2022, taifeadtar an fostaí amhail ar Lá 1 de Shaoire Speisialta le Pá toisc go bhfuil siomptóim COVID-19 orthu nó go bhfuil tástáil dhearfach acu le haghaidh COVID-19.

  Is é an t-uasmhéid teidlíochta um Shaoire Speisialta le Pá don fhostaí seo ná 10 lá as a chéile faoin Nóta Faisnéise seo.

  Caithfidh an fostóir an tréimhse shaoire seo a chur ar an taifead faoin bhfochatagóir saoire OLCS 'Saoire Phearsanta', fochatagóir dar teideal 'COVID-19: Saoire Speisialta le Pá" nó ar an gcóras BOO ábhartha.

  Nuair a bhíonn an fostaí neamhábalta de réir leighis filleadh ar obair tar éis na tréimhse 11 lá, beidh feidhm ag téarmaí agus coinníollacha na Scéime Saoire Breoiteachta.

- **Cás 2:**
  Ar 7 Feabhra 2022, taifeadtar an fostaí amhail ar Lá 11 de Shaoire Speisialta le Pá toisc go bhfuil siomptóim COVID-19 orthu.

  Is é an t-uasmhéid teidlíochta um Shaoire Speisialta le Pá don fhostaí seo ná 28 lá as a chéile, de réir Alt 2.4 de Ciorclán 0042/2021. Faoi réir critéar ar leith, tá teidlíocht leathnaithe ar Shaoire Speisialta le Pá níos faide ná 28 lá de réir Alt 2.5 Ciorclán 0042/2021.

  Sa chás go bhfanann an fostaí as láthair suas go dtí 28 lá, ba chóir don fhostóir leanúint leis an tsaoire seo a thosaigh roimh an 7 Feabhra a chur ar an taifead faoi 'Saoire Phearsanta', fochatagóir dar teideal 'COVID-19: Diagnóis' nó ar an gcóras BOO ábhartha.

- **Cás 3**
  Ar 6 Feabhra 2022, taifeadtar an fostaí amhail ar Lá 1 de Shaoire Speisialta le Pá toisc go bhfuil siomptóim COVID-19 orthu.

  Is é an t-uasmhéid teidlíochta um Shaoire Speisialta le Pá don fhostaí seo ná 28 lá as a chéile, de réir Alt 2.4 de Ciorclán 0042/2021.. Faoi réir critéar ar leith, tá teidlíocht leathnaithe ar Shaoire Speisialta le Pá níos faide ná 28 lá de réir Alt 2.5 Ciorclán 0042/2021.

  Sa chás go bhfanann an fostaí as láthair suas go dtí 28 lá, ba chóir don fhostóir leanúint leis an tsaoire seo a thosaigh roimh an 7 Feabhra a chur ar an taifead faoi 'Saoire Phearsanta', fochatagóir dar teideal 'COVID-19: Diagnóis' nó ar an gcóras BOO ábhartha.

- **Cás 4**
  Ar 6 Feabhra 2022, taifeadtar an fostaí amhail ar Lá 1 de Shaoire Speisialta le Pá toisc (féinaonrú COVID-19 go bhfuil siomptóim COVID-19 orthu). Ar an 7 Feabhra bíonn tástáil dheimhneach COVID-19 ag an bhfostaí.

  Is é an t-uasmhéid teidlíochta um Shaoire Speisialta le Pá don fhostaí seo ná 28 lá as a chéile, de réir Alt 2.4 de Ciorclán 0042/2021.. Faoi réir critéar ar leith, tá teidlíocht leathnaithe ar Shaoire Speisialta le Pá níos faide ná 28 lá de réir Alt 2.5 Ciorclán 0042/2021.

  De réir chód saoire OLCS 'COVID-19: Ní féidir diagnóis a úsáid ón 7 Feabhra chun an neamhláithreacht seo a chur ar an taifead agus caithfidh an fostóir an tréimhse shaoire seo a chur ar an taifead faoin bhfochatagóir saoire OLCS 'Saoire Phearsanta', fochatagóir dar teideal 'COVID-19: Saoire Speisialta COVID-19 le Pá'. Ní mór do scoileanna BOO an neamhláithreacht a thaifeadadh ar an gcóras BOO ábhartha.

  I gcás scoileanna nach scoileanna BOO iad, is é uaslíon na laethanta is féidir a chur ar an taifead faoin gcód saoire nua OLCS 'COVID-19: Saoire Speisialta le Pá' ná 10 lá. Sa chás go bhfuil an neamhláithreacht níos mó ná 10 lá, ba chóir don fhostóir dul i dteagmháil le Deasc Chabhrach OLCS na Roinne chun cúnamh a fháil ag: onlineclaims@education.gov.ie

- **Cás 5**
  Ar an 5 Feabhra 2022, bhí tástáil dhearfach le haghaidh COVID-19 ag an bhfostaí ach níor cuireadh ar an taifead é ar an gcóras OLCS/ETB go dtí an 7 Feabhra nó ina dhiaidh sin.

  Is é an t-uasmhéid teidlíochta um Shaoire Speisialta le Pá don fhostaí seo ná 28 lá as a chéile, de réir Alt 2.4 de Ciorclán 0042/2021. Faoi réir critéar ar leith, tá teidlíocht leathnaithe ar Shaoire Speisialta le Pá níos faide ná 28 lá de réir Alt 2.5 Ciorclán 0042/2021.

  Ba chóir go leanfadh an fostóir den tsaoire seo a thosaigh roimh 7 Feabhra a chur ar an taifead faoi 'Saoire Phearsanta', fochatagóir dar teideal 'COVID-19: Diagnóis' nó ar an gcóras BOO ábhartha. Toisc nach mbeidh teacht níos mó ag scoileanna ar an gcód saoire seo ó 7 Feabhra chun taifid saoire nua a chur isteach, ba chóir don fhostóir teagmháil a dhéanamh le Deasc Chabhrach OLCS na Roinne le haghaidh cúnaimh ag: onlineclaims@education.gov.ie

**Nóta:**
**Ón 7 Feabhra, 2022, sa chás ina bhfuil comharthaí COVID-19 ar fhostaí nó go bhfuil tástáil dhearfach do COVID-19 ar an dáta sin nó ina dhiaidh, ní bheidh ach cód saoire OLCS amháin ann chun neamhláithreacht(aí) nua a chur ar an taifead. Tá an cód OLCS nua seo ar fáil ar an tsaighead anuas faoi 'Saoire Phearsanta', fochatagóir 'COVID-19: Saoire Speisialta COVID-19 le Pá'.**

**I gcás neamhláithreachtaí den chineál céanna, a thosaigh roimh 7 Feabhra, 2022 agus a théann thar an dáta sin, ba cheart don fhostóir leanúint de Shaoire**

**Speisialta le Pá COVID-19 a chur ar an taifead faoi 'Saoire Phearsanta', fochatagóir dar teideal 'COVID-19: Diagnóis' nó ar an gcóras BOO ábhartha.**